# FOIRM IARRATAIS AR ROCHTAIN AR AN bPAINÉAL FORLÍONTACH DON SCOILBHLIAIN 2023/24

TABHAIR FAOI DEARA: **Ní mór d'iarratasóirí ar gach cineál painéil Cuid 1 den fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine.**
**Ní mór d'iarratasóirí ar Phainéil Náisiúnta Educate Together (Oideachas Le Chéile) nó an Fhorais Phátrúnachta Cuid 2 den fhoirm seo a chomhlánú freisin.**
**Ní mór do gach iarratasóir Cuid 3 den fhoirm seo a shíniú.**
**Ba cheart do gach iarratasóir Cuid 4 den fhoirm seo a chomhlánú.**

## Cuid 1

### 1. Sonraí an Phainéil

**Ainm an Phainéil:** ______________________________________________

Cuir isteach: Caitliceach, Eaglais na hÉireann, Educate Together (Oideachas Le Chéile), an Foras Pátrúnachta nó Bord Oideachais agus Oiliúna.

**Limistéar Painéil:** ______________________________________________

(I gcás Painéil Deoise Caitlicí nó Phainéil Deoise Eaglais na hÉireann, cuir isteach Ainm na Deoise/na Deoise Aontaithe e.g. Deoise Chaitliceach Chluana/ Deoisí Aontaithe na Mí agus Chill Dara. I gcás Bord Oideachais agus Oiliúna, cuir isteach Ainm an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Fág an chuid seo bán i gcás iarratas ar Phainéal Educate Together (Oideachas Le Chéile) nó ar Phainéal an Fhorais Phátrúnachta)

**Ní mór gurb ionann ainm an phainéil agus an limistéar painéil inar cuireadh formhór na seirbhíse teagaisc isteach sa <u>bhliain féilire</u> 2022 nó an limistéar painéil ina bhfuil tú ag teagasc faoi láthair ar choinníoll go bhfuil tú ar conradh teagasc ón 16 Nollaig 2022, nó roimh an dáta sin, go deireadh na scoilbhliana 2022/23 (ar a laghad).**

### 2. Sonraí an Mhúinteora

**Ainm an Mhúinteora:** ______________________________ **Uimhir PSP:**____________________

**Uimhir Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta:** ____________

(Ní mór cóip de Dheimhniú do Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta a cheangal leis an bhfoirm seo)

**Uimhir Fóin Teagmhála:** ______________________________

**Seoladh Ríomhphoist:** ______________________________

**Coláiste Oiliúna:** ______________________________

### 3. An Ghaeilge

- Cuir tic sa bhosca seo ☐ **<u>má tá</u>** spéis ar leith agat in imlonnú chuig scoil a oibríonn trí mheán na Gaeilge
- Cuir tic sa bhosca seo ☐ **<u>mura bhfuil</u>** spéis ar leith agat in imlonnú chuig scoil a oibríonn trí mheán na Gaeilge

### 4. Teagasc i Scoil Speisialta

- Cuir tic sa bhosca seo ☐ **<u>má tá</u>** spéis ar leith agat in imlonnú chuig scoil speisialta*
- Cuir tic sa bhosca seo ☐ **<u>mura bhfuil</u>** spéis ar leith agat in imlonnú chuig scoil speisialta*

(*baineann sé sin le scoileanna speisialta a oibríonn faoi phátrúnacht d'oibreora painéil; níl feidhm ag an léiriú spéise maidir le rang speisialta atá lonnaithe i ngnáthscoil)

## 5. Sonraí na Scoile

**An scoil a úsáidtear chun críocha painéil, ní mór di bheith lonnaithe sa limistéar painéil a bhfuil iarratas á dhéanamh agat air, i.e. an scoil inar cuireadh formhór do sheirbhíse teagaisc isteach le linn na bliana féilire 2022 nó an scoil a bhfuil tú ar conradh teagasc inti ón 16 Nollaig 2022 go deireadh na scoilbhliana 2022/23 (ar a laghad)**

**Uimh. Rolla:** ____________________ **Ainm na Scoile:** ______________________________________

**Seoladh na Scoile:** __________________________________________________________________________

**Uimhir Fóin na Scoile:** ___________________________

## 6. Sonraí Conartha

(a) Tá conradh téarma shocraithe/conradh mar mhúinteoir ionaid/conradh páirtaimseartha agam go deireadh na scoilbhliana 2022/23

Tá ☐ Níl ☐

**Más é 'Tá' do fhreagra in (a), comhlánaigh (b) thíos:**

(b) Táim ar conradh teagasc i ról téarma shocraithe/i ról mar mhúinteoir ionaid/i ról mar mhúinteoir páirtaimseartha (scrios mar is cuí) sa scoil seo a leanas:

Ainm na Scoile: _________________________________________

Uimh. Rolla na Scoile: __________________

ó (dáta) ___________________ go (dáta) _______________

## 7. Ceanglais Incháilitheachta Tuarastail

**(Comhlánaigh (a), (b) agus (c) thíos)**

(a) Táim ag obair mar mhúinteoir lánaimseartha / páirtaimseartha (scrios mar is cuí) faoi láthair. Deimhním go gcomhlíonaim na ceanglais incháilitheachta tuarastail mar atá leagtha amach i gCuid 2, Pointe 2 de Chiorclán 0074/2022 ☐

Má tá conradh páirtaimseartha agat, tabhair an meánlíon uaireanta páirtaimseartha a oibríonn tú in aghaidh na seachtaine don bhliain féilire 2022: _____________

(b) An raibh tionchar ag ceann ar bith díobh seo a leanas ar do scálaphointe tuarastail? Cuir tic sa bhosca cuí thíos.

| | | |
|---|---|---|
| a) seirbhís mhúinteoireachta roimhe seo i ról buan/CTÉ: | Tá ☐ | Níl ☐ |
| b) seirbhís mhúinteoireachta iar-bhunscoile roimhe seo | Tá ☐ | Níl ☐ |
| c) incrimintí fágtha ar lár | Tá ☐ | Níl ☐ |
| d) creidmheas incriminteach | Tá ☐ | Níl ☐ |

(c) Sa bhliain féilire 2022, bhain mé leas as:

| | | |
|---|---|---|
| saoire mháithreachais | Bhain ☐ | Níor bhain ☐ |
| saoire uchtála | Bhain ☐ | Níor bhain ☐ |
| saoire tuismitheora | Bhain ☐ | Níor bhain ☐ |

# Cuid 2

## Painéil Náisiúnta

**PAINÉIL NÁISIÚNTA EDUCATE TOGETHER (OIDEACHAS LE CHÉILE) NÓ AN FHORAIS PHÁTRÚNACHTA**

Níor cheart duit Cuid 2 a chomhlánú ach amháin má tá iarratas déanta agat ag Cuid 1 ar rochtain ar Phainéil Náisiúnta Educate Together (Oideachas Le Chéile) nó an Fhorais Phátrúnachta.

**1. Táim sásta breithniú a dhéanamh ar thairiscint ar phost lasmuigh den teorainn 45 km ó mo scoil reatha.**

Tá ☐ Níl ☐

Más é '**Tá**' do fhreagra thuas, cuir tic in aice an chontae/na gcontaetha atá liostaithe thíos a mbeifeá sásta breithniú a dhéanamh ar thairiscint ar phost ann/iontu.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | ☐ | An Cabhán | ☐ | An Clár | ☐ | Corcaigh | ☐ |
| Dún na nGall | ☐ | Baile Átha Cliath | ☐ | Gaillimh | ☐ | Ciarraí | ☐ |
| Cill Dara | ☐ | Cill Chainnigh | ☐ | Laois | ☐ | Liatroim | ☐ |
| Luimneach | ☐ | An Longfort | ☐ | Lú | ☐ | Maigh Eo | ☐ |
| An Mhí | ☐ | Muineachán | ☐ | Uíbh Fhailí | ☐ | Ros Comáin | ☐ |
| Sligeach | ☐ | Tiobraid Árann | ☐ | Port Láirge | ☐ | An Iarmhí | ☐ |
| Loch Garman | ☐ | Cill Mhantáin | ☐ | | | | |

**Síniú an Mhúinteora:** ______________________________ **Dáta:**______________

# Cuid 3
## Dearbhú an Iarratasóra

Cuirim iarratas leis seo ar m'ainm a chur leis an bPainéal Forlíontach thuasluaite.

1. Tá Ciorclán 0074/2022 léite agam agus dearbhaím go gcomhlíonaim na critéir incháilitheachta.

2. Aontaím go gcloífidh mé leis na socruithe ath-imlonnaithe lena rialaítear oibriú an Phainéil Fhorlíontaigh Ath-imlonnaithe ar leibhéal na bunscoile, mar atá leagtha amach sa doiciméad Ceisteanna Coitianta.

3. I gcás go dtabharfaidh mé aon fhaisnéis atá míchruinn nó míthreorach agus an fhoirm iarratais seo á comhlánú agam, tuigim agus glacaim leis go gcuirfear an t-iarratas uaim ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach ó bhail.

4. Tuigim go mbeidh an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo faoi réir fíorú ag an Roinn sula gcuirfear m'ainm ar aghaidh chuig an bpátrún ábhartha lena chur ar an bpainéal. Tuigim nach dtugann comhlánú na foirme seo aon teidlíocht dom cearta painéil a fháil agus gur faoin bpátrún ábhartha atá sé cinneadh deiridh a dhéanamh ar ligean isteach i bpainéal.

5. I gcás go rachaidh scoil a bhfuil folúntas buan aici i dteagmháil leis an bPainéal Forlíontach trí shuíomh Gréasáin a úsáid chun léirithe spéise a lorg ó mhúinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach, agus i gcás go mbeidh spéis agam san fholúntas sin, tuigim nach mór dom léiriú spéise a chur faoi bhráid na scoile laistigh den tréimhse ama riachtanach. Tuigim nach mbeidh aon tionchar ann ar m'áit ar an bPainéal Forlíontach i gcás go roghnóidh mé gan léiriú spéise a chur faoi bhráid aon scoile a bheidh ag líonadh a folúntais tríd an bpróiseas seo. I gcás go gcuirfidh mé spéis in iúl i bhfolúntas agus nach n-éireoidh liom an post sin a fháil, tuigim go mbeidh mé fós ar an bPainéal Forlíontach.

6. Glacaim leis go mbainfear m'ainm den Phainéal:
   - **I gcás nach mbeifear in ann teagmháil a dhéanamh liom, agus na sonraí atá tugtha ar an bhfoirm seo á n-úsáid**
   - **I gcás go dteipfidh orm freagra a thabhairt laistigh de thrí lá féilire ar aon chuireadh ríomhphoist ó scoil chun CV a chur isteach agus/nó freastal ar agallamh**
   - **I gcás go ndiúltóidh mé do fhreastal ar agallamh a thagann faoi na teorainneacha comhaontaithe faid**
   - **I gcás go dteipfidh orm freagra a thabhairt laistigh de thrí lá féilire ar aon tairiscint ríomhphoist ar phost ó scoil**
   - **I gcás go ndiúltóidh mé do ghlacadh le tairiscint ríomhphoist ar phost a thagann faoi na teorainneacha comhaontaithe faid**

7. I gcás go ligfidh mé do mo chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta dul in éag, nó i gcás go mbainfear mé den Chlár ar chúis ar bith, glacaim leis go mbainfear mé den Phainéal agus go gcuirfear deireadh láithreach le m'fhostaíocht leis an scoil ina bhfuilim ath-imlonnaithe.

8. Glacaim leis go mbeidh aon cheapachán ón bPainéal Forlíontach:
   - faoi réir scagadh leighis
   - faoi réir deimhniú cáilíochtaí

9. Glacaim leis go mbeidh aon cheapachán a éireoidh as an bpainéal seo faoi réir na ceanglais riachtanacha ghrinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh.

10. Glacaim leis go mbeidh aon cheapachán ón bPainéal Forlíontach ag brath ar na téarmaí agus coinníollacha a leagfar amach sa litir thairisceana/in aon litir thairisceana ón scoil is fostóir/ón bhfostóir agus go mbeidh aon cheapachán faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha sin.

11. Glacaim leis go mbeidh aon cheapachán a éireoidh as an bpainéal seo faoi réir próiseas seiceála ag an Roinn tráth an cheapacháin maidir leis na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh agus gur féidir go gcuirfear an ceapachán atá beartaithe dom ó bhail mar thoradh ar an bpróiseas seiceála sin.

12. I gcás go nglacfaidh mé le post don scoilbhliain 2023/24 nó go gcinnfidh mé an painéal a fhágáil ar chúis ar bith, geallaim go dtabharfaidh mé fógra don Oibreoir Painéil ábhartha faoi sin agus go seolfaidh mé an Fhoirm um an bPainéal Forlíontach a Athrú Chun Dáta ar ais. I gcás go bhfágfaidh mé an painéal ar chúis ar bith, tuigim nach bhféadfar mé a athchur ar an bpainéal ina dhiaidh sin.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha agam.

**Síniú an Mhúinteora:** ______________________________ **Dáta:**______________

## Cuid 4

## Seicliosta Achoimre do Mhúinteoirí sula gcuirfidh siad an fhoirm painéil isteach

- Tá gach ceist i gCuid 1 den Fhoirm Iarratais comhlánaithe agam ina n-iomláine ☐
- Táim ag déanamh iarratas ar Phainéal Educate Together (Oideachas Le Chéile) nó ar Phainéal an Fhorais Phátrúnachta agus tá Cuid 2 den Fhoirm Iarratais comhlánaithe agam ☐
- Tá cóip de mo Chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta i gceangal leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe ☐
- Tá fianaise ar phostas coinnithe agam
(Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar ar an dáta deiridh nó tar éis an dáta sin) ☐
- Ní mór iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig:

  **Rannóg na Leithdháiltí Bunmhúinteoirí, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659** faoi **5pm Dé hAoine an 16 Nollaig 2022**
- Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais tar éis 5pm Dé hAoine an 16 Nollaig 2022 in imthosca ar bith.

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an phríomhchúis a dteastaíonn ón Roinn na sonraí pearsanta atá tugtha agat ná a dhéanamh amach an bhfuil nó nach bhfuil tú incháilithe le haghaidh d'ainm a chur ar an bPainéal Forlíontach agus tú a imlonnú chuig scoil ón bPainéal sin.

Is féidir go gcomhroinnfear na sonraí pearsanta atá tugtha agat le hoibreoir painéil an Phainéil Fhorlíontaigh Ath-imlonnaithe a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar d'ainm a chur leis chun go mbeidh d'ainm le feiceáil ar liosta an Phainéil Fhorlíontaigh; is féidir go gcomhroinnfear iad le scoileanna ag a bhfuil folúntais bhuana atá le líonadh don scoilbhliain 2023/24; agus is féidir go gcomhroinnfear iad leis an gComhairle Mhúinteoireachta i dtaca le stádas do chlárúcháin. Is féidir an fógra príobháideachta ina leagtar amach tuilleadh faisnéise i dtaca leis an bhfoirm seo a aimsiú ag www.education.gov.ie.

Is ar fáil ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/ atá mionsonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta nó sonraí pearsanta do linbh agus a leagtar amach faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin agus faoin bhfógra príobháideachta ar fáil i gcruachóip freisin ach iad a iarraidh ón seoladh thíos:

Rannóg na Leithdháiltí Bunmhúinteoirí
An Roinn Oideachais
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659